Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2023/2124(INI)

19.9.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe le hiascach inbhuanaithe agus athléimneach
(2023/2124(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Niclas Herbst

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 9

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe le hiascach inbhuanaithe agus athléimneach
(2023/2124(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do theachtaireacht an 21 Feabhra 2023 ón gCoimisiún dar teideal ‘Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh: Éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú ar mhaithe le hiascach inbhuanaithe athléimneach’ (COM(2023)0102),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 12 Iúil 2023 dar teideal *Action plan to conserve fisheries resources and protect marine ecosystems* [Plean gníomhaíochta chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint],

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 39 de, maidir le caighdeán cóir maireachtála do na pobail talmhaíochta agus iascaireachta a áirithiú, agus Airteagal 5 maidir le prionsabal na comhréireachta,

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras an 12 Nollaig 2015 agus go háirithe Airteagal 2(1)(b) de maidir le hoiriúnú do dhrochthionchar an athraithe aeráide ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol,

– ag tarraingt aird ar rún an 27 Aibreán 2021 maidir le hiarmhair cheimiceacha i Muir Bhailt, bunaithe ar Achainíocha Uimh. 1328/2019 agus Uimh. 0406/2020[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2336 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 ón gComhairle[2],

– ag féachaint do sheasaimh na mBallstát a cuireadh i láthair ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 20 Márta 2023,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 maidir leis an bpacáiste beartais iascaigh d’earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe atá inbhuanaithe, athléimneach agus iomaíoch,

– ag féachaint don litir ón gCoimisinéir Sinkevičius an 3 Aibreán 2023 maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla ón bplean gníomhaíochta le haghaidh iascaireacht portán le tráil ghrinnill, ar a dtugtar ‘Krabbenfisherei’,

[1] IO C 506, 15.12.2021, lch. 9.
[2] IO L 354, 23.12.2016, lch. 1.

– ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1614 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2022 lena gcinntear na limistéir iascaireachta domhainfharraige atá ann cheana agus lena mbunaítear liosta limistéar arb eol go bhfuil nó ar dócha go bhfuil éiceachóras leochaileach muirí iontu[3],

– ag féachaint dá seasamh an 11 Iúil 2023 ar an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)[4],

– ag féachaint d'aitheasc 2023 ar Staid an Aontais Eorpaigh an 13 Meán Fómhair 2023 ó Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Chonradh na Náisiún Aontaithe ar an Mórmhuir an 19 Iúil 2023 agus do Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú[5],

– ag féachaint do dhréacht-tuarascáil ón gCoiste um Iascach maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú[6],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2023),

A. de bhrí gur gá, mar ábhar práinne, dlús a chur le gníomhaíocht ar leibhéal AE chun meath éiceachóras muirí a aisiompú trí aghaidh a thabhairt, i gcás inar féidir, ar bhrúnna daonna agus nádúrtha, tacú le téarnamh dearfach roinnt stoic éisc, agus staidéir eolaíochta mar aon le haon taighde agus forbairt lena n-áirithítear iascaigh agus dobharshaothrú inbhuanaithe a spreagadh;

B. de bhrí go bhfuil suas le 23 théacs reachtacha AE ann faoi láthair ar athchóiriú an dúlra agus go bhfuil breis agus 40 téacs ann ar an gcomhshaol agus ar an iascach, agus teachtaireachtaí, straitéisí agus rialacháin á gcur san áireamh;

C. de bhrí gur cuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1614 cosc ar an trealamh iascaireachta grinnill uile in 87 limistéar in uiscí AE an Atlantaigh Thoir Thuaidh, arb ionann na limistéir sin agus achar iomlán 16 419 km^2 agus 17 % den limistéar idir 400 agus 800 méadar ar doimhneacht;

Cosaint an chomhshaoil agus an inbhuanaitheacht

[3] IO L 242, 19.9.2022, lch. 1.
[4] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0265.
[5] IO L 248, 22.9.2007, lch. 17.
[6] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/PECH-PR-749918_EN.pdf.

1. á chur in iúl gur oth léi, cé go bhfuil iarrachtaí agus dul chun cinn mór déanta ag earnáil iascaireachta AE i dtreo inbhuanaitheacht agus chosaint na n-éiceachóras muirí, go bhfuil na haigéin fós faoi réir an athraithe aeráide, an aigéadaithe agus an truaillithe i ngeall ar thruailleáin amhail nítrítí, plaistigh agus bruscar muirí eile nó dramhaíl ó ghníomhaíochtaí talamhbhunaithe, ar rudaí iad sin nach bhfuil neart ag iascairí orthu agus ar bagairt thromchúiseach iad dá slite beatha agus d'éiceachórais mhuirí;

2. á chreidiúint, ar aon dul leis na geallsealbhóirí uile a bhfuil baint acu leis an iascach agus le beartais chomhshaoil, go dtéann éiceachórais shláintiúla mhuirí chun tairbhe dár sláinte, dár sochaí agus dár ngeilleagar, agus go bhfuil siad riachtanach don phláinéad agus do na daonraí a bhíonn ag brath orthu;

Cur chuige atá comhleanúnach leis na rialacháin atá ann cheana

3. á mheas go bhfuil cur chuige comhleanúnach in easnamh i bplean gníomhaíochta Choimisinéir Sinkevičius maidir le tosaíochtaí agus straitéisí eile an Choimisiúin, lena n-áirítear slándáil bia, uathriail straitéiseach AE agus cothrom iomaíochta le tíortha nach de chuid AE iad a áirithiú, chomh maith le praghsanna atá ag dul i méid a chomhrac, gné shóisialta an Chomhbheartais Iascaigh a fheabhsú agus fás eacnamaíoch agus fostaíocht a neartú;

4. á mheabhrú gur cheart go mbeadh an plean gníomhaíochta comhleanúnach le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh, lena n-áirítear go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainistítear iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus chun cur le hinfhaighteacht soláthairtí bia;

Athchóiriú an dúlra

5. á chur in iúl gur oth léi an easpa comhleanúnachais idir teideal an phlean gníomhaíochta agus na moltaí arna gcur i láthair ann, a dhíríonn den chuid is mó ar na cleachtais iascaireachta a dhéanann difear do speicis agus gnáthóga gan aghaidh a thabhairt ar an acmhainneacht le haghaidh ailíniú idir teicnící agus cleachtais iascaireachta agus éiceachórais a chosaint nó a athchóiriú;

Limistéir mhuirí faoi chosaint (LMFC)

6. á áitiú go bhfuil limistéir mhuirí faoi chosaint éagsúil ó thaobh méide, speiceas, gnáthóg agus na n-éiceachóras spriocdhírithe de agus nár cheart breathnú orthu mar limistéir aonfhoirmeacha; á mheas, dá bhrí sin, go dtacaíonn an plean gníomhaíochta le cur chuige róshimplithe, go háirithe trí thoirmeasc forleathan ar threalamh iascaireachta áirithe a mholadh, rud a thugann le tuiscint gur cheart go gcaithfí leis na limistéir mhuirí uile faoi chosaint ar an gcaoi chéanna; á iarraidh go mbainfí cothromaíocht amach idir an moladh dúnadh na limistéar traidisiúnta iascaireachta a mhéadú ar thaobh amháin agus gníomhaíocht iascaireachta a chaomhnú ar an taobh eile;

7. á mheas nach bhfuil limistéir mhuirí faoi chosaint agus na limistéir uile faoi dhianchosaint ina gcríoch iontu féin agus, cé gur ainmníodh mar limistéir faoi chosaint

iad, nach gcuirfear cosc ar dhrochchleachtais arna ndéanamh ag cabhlaigh eachtracha, amhail cabhlach na Síne timpeall thearmann Galápagos;

Trálaeireacht ghrinnill

8. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil níos mó i gceist le limistéir iascaireachta a dhúnadh do thráil ghrinnill ná soithí iascaireachta a bhogadh ionas gur féidir leo leanúint de bheith ag iascaireacht in áit eile, toisc nach gcuireann an cur chuige sin san áireamh, i measc nithe eile, tuiscint na n-iascairí ar ghrinneall na farraige agus go mbíonn soithí iascaireachta eile i limistéir chóngaracha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le forluí, róshaothrú áitiúil acmhainní agus meathlú dálaí oibre;

9. á mheas go dtarraingíonn méadú na dtionscnamh laistigh agus lasmuigh den phlean gníomhaíochta maidir leis an teicníc iascaireachta chéanna amhras ar chomhleanúnachas agus intuarthacht ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, ós rud é go ndéantar a mhian chun toirmeasc iomlán ar theicníc iascaireachta ar leith a chur chun feidhme a mhaolú i sraith beart;

10. á chreidiúint go mbaineann an barrachas sin gníomhaíochtaí atá gearrthéarmach, a bheag nó a mhór, de chomhleanúnachas agus dlisteanacht na dtionscnamh ar cheart dóibh a bheith faoi réir comhaontú, lena gcuirtear gnéithe socheacnamaíocha, teicniúla agus eolaíocha san áireamh;

11. á thabhairt dá haire go bhfuil easpa peirspictíochta ar iarmhairtí gnéithe áirithe den phlean gníomhaíochta, ar foilsíodh é gan fanacht ar chonclúidí eolaíocha agus socheacnamaíocha maidir leis na tograí a rinneadh roimhe seo;

Eascanna

12. ag cur béim ar an gcastacht agus éagsúlacht a bhaineann leis an stoc eascann a bhainistiú, rud nach bhfuil teoranta do chur chuige aonair muirí; á thabhairt chun suntais maidir le díriú ar dheiseanna bliantúla iascaireachta, go ndéantar neamhaird ar imthosca tábhachtacha, amhail bacainní imirce, cáilíocht gnáthóg, gabhálacha neamhdhleathacha agus trádáil neamhdhleathach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil cur chuige iomlánaíoch agus cuimsitheach ag gabháil leis an Rialachán maidir le hEascanna, go bhfuil idir chéimeanna muirí agus fionnuisce shaol na heascainne ag gabháil leis agus go ndíríonn sé ar thionchair iascaigh agus neamh-iascaigh araon ar stoic eascann;

13. á chur i bhfios go láidir go mbaineann bearta a ghlactar lasmuigh de chomhthéacs an Rialacháin maidir le hEascanna de chomhtháthú an bheartais a glacadh; á chur in iúl gur saoth léi gur cuireadh le Rialachán (AE) 2023/194[7] ón gComhairle srian ar iascach eascann trí thréimhse choiscthe 6 mhí a thabhairt isteach gan comhairliúchán cuí le páirtithe leasmhara nó measúnú tionchair ar na héifeachtaí socheacnamaíocha; á mheas, dá bhrí sin, gur cheart anailís a dhéanamh ar athshlánú na speiceas agus an ról a

[7] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige, IO L 28, 31.1.2023, lch. 1.

d’fhéadfadh a bheith aige chun speicis ionracha a chomhrac sula gcuirfear bearta sriantacha breise chun feidhme, mar a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta;

Freagairtí na mBallstát ar an bplean gníomhaíochta

14. ag tabhairt dá haire gur ann don iliomad dearbhuithe agus ráitis shoiléire arna ndéanamh ag ionadaithe na mBallstát lena gcáintear an plean gníomhaíochta agus na héiginnteachtaí lena mbaineann agus lena ndiúltaítear an toirmeasc ar thrálaeireacht ghrinnill i limistéir mhuirí faoi chosaint;

15. á chur san áireamh gur ann do na nósanna imeachta dlíthiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit nó ag údaráis réigiúnacha, amhail Xunta de Galicia, ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne bearta atá nasctha leis an bplean gníomhaíochta, agus béim á leagan ar easpa comhréireachta bearta áirithe;

Easpa soiléireachta ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú dlíthiúil an phlean gníomhaíochta

16. ag tabhairt dá haire, cé nach bhfuil an plean gníomhaíochta ceangailteach ó thaobh dlí, go mbeidh costais shuntasacha shocheacnamaíocha do na Ballstáit agus a gcabhlaigh maidir lena chur chun feidhme, toisc go gcuimsítear leis 90 beart i bhfoirm rialachán, treoraíochta, anailísí, treochlár, staidéar, tuarascálacha agus tionscnamh;

17. ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa náireach soiléireachta ag an gCoimisiún maidir le hiarmhairtí dlíthiúla an phlean gníomhaíochta, mar gheall ar a ráitis atá ag teacht salach ar a chéile, go háirithe na ráitis a rinneadh laistigh den Choiste um Iascach sa Pharlaimint; á mheas go raibh tionchar díobhálach aige sin ar roinnt d’earnálacha thionscal na hiascaireachta, amhail earnáil an tséacla dhoinn, tráth a bhfuil a meanma thíos go mór leis na héiginnteachtaí atá nasctha leis na géarchéimeanna atá ann faoi láthair;

18. á chur in iúl gur oth léi na ráitis a bhí ag teacht salach ar a chéile a rinneadh laistigh den Choimisiún, agus go háirithe idir Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta agus Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil maidir le héifeachtaí ceangailteacha an phlean gníomhaíochta;

Gnéithe socheacnamaíocha agus slándáil bia

19. ag tacú le togra Uachtarán an Choimisiúin ina haitheasc ar Staid an Aontais 2023, gur cheart go ndéanfaí seiceáil iomaíochais ar gach píosa nua reachtaíochta; á iarraidh go n-áireofar leis an bplean gníomhaíochta, na tograí a bhaineann le hiascach agus tionscnaimh eile seiceáil iomaíochais a dhéanfar ar a dtionchar socheacnamaíoch agus a n-éifeacht ar phobail chósta;

20. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil staidéar socheacnamaíoch, measúnú tionchair nó tuarascáil idirmheánach ag gabháil leis an bplean gníomhaíochta agus nach moltar leis bearta maoiniúcháin breise d’aon chineál don aistriú glas agus don aistriú fuinnimh;

21. á iarraidh go mbeidh plean gníomhaíochta in éineacht leis an gComhbheartas Iascaigh a chuireann le méadú táirgiúlachta, caighdeán maith maireachtála in earnáil an iascaigh,

lena n-áirítear earnáil an iascaigh ar mionscála, agus margaí cobhsaí, agus lena n-áirítear infhaighteacht bia gan slándáil bia nó an bhearna cheannasachta a chur i mbaol;

22. á chur in iúl gur díol sásaimh di an iarraidh ón gCoimisiún go mbaileofar sonraí maidir le tionchar iascaigh áineasa, ach á chur i bhfios go láidir gur gá na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta ar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe iascaireachta áineasa a mheas;

Gníomhaíocht agus cómhalartacht idirnáisiúnta

23. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh feidhm ag aon srianta, cibé acu atá nó nach bhfuil bunaithe ar an bplean gníomhaíochta, ar tháirgí a allmhairítear ó thíortha nach tíortha de chuid AE iad, go háirithe ós rud é go n-allmhairíonn AE 70 % den iasc a thomhlaítear ann, chun an chomhsheasmhacht idir beartais inmheánacha agus beartais sheachtracha agus machaire comhréidh idir AE agus oibreoirí neamh-AE a áirithiú;

24. á chur i bhfáth gurb ionann gabhálacha soghluaiste le trealamh iascaireachta grinnill agus 25 % de ghabhálacha iomlána éisc san Eoraip agus nár cheart bearta éifeachtacha maidir le trálaeireacht ghrinnill ar leibhéal AE a bheith ina gcúis le méadú ar allmhairí, go háirithe má bhaineann cabhlaigh eachtracha úsáid as trealamh trálaeireachta grinnill;

Eiseamláireacht earnáil an iascaigh

25. ag tacú le hiarrachtaí leanúnacha earnáil an iascaigh chun teicnící iascaireachta a fheabhsú agus a tionchar comhshaoil a laghdú gan fanacht ar phleananna gníomhaíochta ón gCoimisiún; á thabhairt chun suntais gur ann do shamplaí dearfacha d'athshlánú stoc speiceas i limistéir faoi chosaint, agus gníomhaíochtaí iascaireachta á gcothabháil, a bhuí le ról mór na bpáirtithe leasmhara maidir leis an iascach;

Gníomhartha tarmligthe sa phlean gníomhaíochta

26. á mheabhrú gur diúltaíodh an gníomh tarmligthe maidir le SIOFA agus ag athdhearbhú go bhfuil sí tiomanta chun grinnscrúdú a dhéanamh ar aon ghníomhartha tarmligthe inteachta nó gníomhartha cur chun feidhme atá nasctha leis an bplean;

°

° °

27. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is amhlaidh go n-allmhairítear 70 % den bhia mara a thomhlaítear in AE. Agus leanann iascairí na hEorpa roinnt de na rialacha is déine dá bhfuil sa domhan lena rialaítear a ngníomhaíochtaí sna catagóirí agus gníomhaíochtaí iascaireachta uile, lena dtugtar dóibh ról eiseamláireach agus, thar aon ní eile, ról mar ráthóir ar na cleachtais iascaireachta is fearr.

Ní mór do chomhreachtóirí na hEorpa, agus do Pharlaimint na hEorpa, dá bhrí sin, a bheith ina ráthóirí ar an gcothromaíocht in aistriú riachtanach cleachtais áirithe mar gheall go príomha ar an athrú aeráide, agus mar gheall ar thosca éagsúla atá intuartha, a bheag nó a mhór: speicis dhíobhálacha, stoic atá ag meathlú, ach a bhuí le sonraí feabhsaithe maidir leis na haigéin freisin.

Ní hionann gníomhú agus toirmeasc. Ní hionann gníomhú agus réabhlóid. Níor cheart gurb ionann gníomhú agus smaointe agus cláir pholaitiúla a fhorchur ar ghníomhaithe Eorpacha gan aon idirphlé, nó níos measa, chun aimhleasa dóibh.

Tá easpa rannpháirtíochta an Choimisiúin Eorpaigh san idirphlé leis na hiascairí neamhleanúnach agus is cúis imní é freisin, agus gníomhaíocht á moladh aige! Ní dhéanfar aon ghníomhaíocht gan caomhnóirí an chaidrimh idir daoine agus na haigéin, i.e. na hiascairí áitiúla agus iascaireacht áitiúil ar mionscála.

Tá go leor bagairtí móra ann do na haigéin: tá truailliú, téamh na bhfarraigí, plaisteach, an t-athrú aeráide agus a n-éifeachtaí chomh hinfheicthe céanna: eotrófú, aigéadú, téamh na bhfarraigí, truailliú plaisteach, agus iad uile ag méadú, nó i gcásanna áirithe, méadú neamhrialaithe ar éin chreachóireacha. Ach i gcás inar ghníomhaigh na hinstitiúidí Eorpacha i ndlúthchomhar le tionscal na hiascaireachta agus le hiascairí, tá an dul chun cinn agus an dea-scéala ag méadú. Mar shampla, tá feabhsuithe suntasacha ar staid na stoc éisc i bhfarraigí AE agus ar roinnt mhaith oibríochtaí a bhfuil inbhuanaitheacht dheimhnithe acu ina n-iascach. Le 20 bliain anuas, tá méadú suntasach tagtha ar bhithmhais éisc san Atlantach Thoir Thuaidh agus, de réir na tuarascála is déanaí ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF 22-01 ad hoc) in 2020, bhí sé tuairim is 35 % níos airde ná in 2003. An tráth céanna, tá laghdú suntasach tagtha ar bhásmhaireacht iascaireachta, agus tá líon na stoc a ndéantar ró-iascaireacht orthu ag meathlú freisin.

Bhí ról mór ag an gcumarsáid anordúil agus na deacrachtaí inmheánacha i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh ar an drochuair maidir le plean na deise deiridh a dhéanamh de, ar plean é a chuirfeadh deireadh le dea-chleachtas reatha, saincheisteanna socheacnamaíocha agus seasaimh thionscal na hiascaireachta, rud a mbeadh iarmhairtí sriantacha aige do na Ballstáit os comhair na Cúirte Breithiúnais. Ba cheart don Choimisiún Eorpach fadhb den chineál sin a sheachaint don chéad téarma eile agus níor cheart dó bheith ag plé le cúrsaí polaitíochta maidir le fadhb atá chomh tábhachtach céanna leis na haigéin. Ní mór pleananna gníomhaíochta a bhunú ar éachtaí agus teipeanna, ar íobairtí agus iarrachtaí arna ndéanamh ag tionscal iascaireachta na hEorpa. Níor cheart gurbh é cuspóir na bpleananna gníomhaíochta ná chun allmhairí a chur in áit iascaireacht na hEorpa, agus níos lú fós ón gcogadh san Úcráin, a d'oscail súile na nEorpach agus thar aon ní eile súile an domhain maidir leis an ngá chun uathriail straitéiseach agus slándáil bia a áirithiú ar an gcaoi chéanna le talmhaíocht.

Ar deireadh, agus is mórphointe eile é seo. Ní mór dúinn a bheith ar an eolas faoin méid a bhfuilimid ag caint faoi. Bímis ag brath ar thaighde eolaíoch freisin, rud atá, i gcomhar le gníomhaíochtaí iascaireachta, ag cabhrú cheana féin le beart eiseamláireach, atá bunaithe ar an eolaíocht agus ar an bhfírinne, a dhéanamh den bheartas Eorpach iascaigh. Uaireanta, bíonn easpa réasúnaíochta i ndíospóireachtaí agus seasaimh, nuair is mian le roinnt daoine bac a chur ar an smaoineamh gur cinnte gur féidir comhchónaí gníomhaíochtaí daonna a theorannú nó a eagrú seachas an smaoineamh sin a thuiscint. Nuair a chuirtear toirmeasc ar ghníomhaíochtaí áirithe atá dea-rialáilte ar an leibhéal Eorpach, is minic a éascaítear údarú drochchleachtas thar lear.

Mar shampla le linn tionscadal taighde 4 bliana, rinneadh mionscrúdú ar thionchar iascaireacht an tséacla dhoinn maidir le príomhchineálacha gnáthóige i bPáirceanna Náisiúnta Mhuir Wadden ar chósta na Mara Thuaidh sa Ghearmáin. Áiríodh leis sin imscrúdú ar éifeachtaí gearrthéarmacha agus athruithe fadtéarmacha arb í iascaireacht an tséacla dhoinn is cúis leo. An toradh: ní raibh ach tionchar beag ag iascaireacht an tséacla dhoinn ar ghrinneall na farraige. Cé go raibh éifeachtaí ann ar leibhéal an speicis, ní raibh siad ach gearrthéarmach. Níl na torthaí sin nua, áfach. Nuair a bunaíodh an dá pháirc náisiúnta ar chósta na Mara Thuaidh sa Ghearmáin, rinneadh staidéar cuimsitheach ar thionchar iascaireacht an tséacla dhoinn dar teideal Taighde Éiceachóras Mhuir Wadden. Sa tuarascáil deiridh an tráth sin, chinn na húdair go raibh éifeachtaí díreacha iascaireacht an tséacla dhoinn gearrthéarmach amháin.

Mar fhocal scoir, tá cuspóirí difriúla caomhnaithe ag limistéir mhuirí faoi chosaint. Bunaítear iad chun acmhainní nádúrtha amhail mamaigh, éin nó turtair a chosaint, agus is minic nach mbunaítear iad go sonrach chun grinneall na farraige a chosaint. Déantar bearta caomhnúcháin a oiriúnú do na dálaí áitiúla faoi seach.

Dá bhrí sin, ba cheart don phlean gníomhaíochta cur chuige trasnach agus iomlánaíoch a leanúint, gan díriú ar ghníomhaíochtaí iascaigh amháin mar an t-aon chúis atá leis na fadhbanna uile.